C/2024/867

6.2.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An bealach chun tosaigh leis an margadh aonair a dhoimhniú trí bhíthin na digiteála

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/867)

Rapóirtéir: **Mira-Maria DANISMAN**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	25.1.2023
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
An rannóg atá freagrach	Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas
Dáta a glactha sa rannóg	3.10.2023
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	25.10.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	582
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	210/0/7

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Creideann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) go bhfuil ról suntasach ag an digiteáil sa mhargadh aonair agus cuireann sé chun tosaigh sa tuairim féintionscnaimh seo an chaoi a bhféadfadh an digiteáil breisluach a chur le feidhmiú an mhargaidh aonair agus saoirsí an mhargaidh aonair a chur chun cinn.

1.2. Tá an digiteáil agus an lóistíocht ríthábhachtach i dtaobh saorghluaiseacht na n-earraí a fheabhsú. Ina fhianaise sin, is gá infheistíocht chuí a dhéanamh i mbonneagar iompair a sheasfaidh an aimsir. Iarrann CESE freisin ar na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí úsáid na ndoiciméad leictreonach a bhaineann leis an iompar a éascú.

1.3. Sampla amháin den chaoi ar féidir le faisnéis dhigiteach cur le saorghluaiseacht na n-earraí sa mhargadh aonair is ea ‘pasanna táirgí digiteacha’ a thabhairt isteach. Tá sé tábhachtach freisin a áirithiú go gcosnófar rúin cheirde agus cearta maoine intleachtúla sa chomhthéacs sin.

1.4. Cuirtear deiseanna suntasacha ar fáil do ghnólachtaí dul i dteagmháil le custaiméirí i mBallstáit eile trí bhíthin na ríomhthráchtála, agus bíonn réimse níos leithne roghanna agus rochtain níos éasca ar earraí agus ar sheirbhísí ann do na tomhaltóirí dá toradh freisin. Iarrann CESE go ndéanfaí beart chun na bacainní atá ann cheana ar an ríomhthráchtáil sa mhargadh aonair a shárú, cuir i gcás trí rialacha an Aontais maidir leis an ngeobhlocáil a fhorfheidhmiú.

1.5. Tarraingíodh siar an togra ón gCoimisiún le haghaidh ‘ríomhchárta seirbhísí’ arb é ab aidhm dó cabhrú le soláthraithe seirbhíse oibriú thar theorainneacha. Molann CESE an togra sin a chur ar ais ar an gclár oibre ós bealach praiticiúil é chun margadh aonair na seirbhísí a chur chun cinn.

1.6. Tá CESE ag tathant go dtabharfaí isteach córais shlána chaighdeánaithe um shainaithint dhigiteach amhail ríomhchártaí aitheantais chun modh slán sainaitheantais dhigitigh a chur ar fáil do shaoránaigh, do chónaitheoirí, agus do ghnólachtaí an Aontais. Táthar ag súil leis gur modh a bheadh ann ab fhéidir a úsáid le haghaidh seirbhísí agus ardáin éagsúla ar líne laistigh den mhargadh aonair.

1.7. Iarrann CESE tionscnaimh a fhorbairt agus a mhéadú i dtaobh na slándála sóisialta agus shoghluaisteacht an lucht saothair, agus molann sé tionscnaimh ar nós an phas Eorpaigh slándála sóisialta a thabhairt isteach.

1.8. Tá ról lárnach ag an digiteáil i saorghluaiseacht an chaipitil sa mhargadh aonair agus i ngníomhaíocht trasteorann na seirbhísí airgeadais. Chun borradh a chur faoi na feidhmchláir teicneolaíochta airgeadais, ba cheart don Aontas Eorpach rialáil na seirbhísí airgeadais digiteacha a chomhchuibhiú tuilleadh agus an maoiniú a mhéadú le haghaidh na nuálaíochta i réimse na réiteach digiteach.

1.9. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé margadh aonair dea-fheidhmiúil sonraí a áirithiú, ós rud é gur réamhriachtanas é sin má táthar chun feabhas a chur ar na ceithre shaoirse eile trí bhíthin na digiteála. Neartaítear athléimneacht, ceannasacht, agus iomaíochas an Aontais freisin i gcomhthéacs na digiteála domhanda, más ann do mhargadh aonair dea-fheidhmiúil, a bhfuil cibearshlándáil láidir agus cosaint chuí sonraí ag gabháil leis.

1.10. Leagann CESE béim ar an tábhacht a bhaineann le dianinfheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar digiteach, sa taighde agus sa nuálaíocht, agus i bhforbairt na scileanna, ar príomhthosca cumasúcháin iad go léir chun an digiteáil a éascú.

1.11. Cuireann CESE i bhfios go láidir gur gá an digiteáil a dhéanamh ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair, na sochaí, agus an chomhshaoil de. Ní mór aird chuí a thabhairt ionas nach n-imreoidh an digiteáil drochthionchar ar an gcomhshaol agus nach dtiocfaidh bearnaí digiteacha chun cinn i dtaca leis an rochtain ar an mbonneagar agus ar na scileanna.

1.12. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh creat rialála tacúil ann agus go ndéanfadh na Ballstáit rialacha comhchoiteanna an Aontais a fhorfheidhmiú go héifeachtach. Thairis sin, tá digiteáil an rialachais phoiblí (ríomhrialachas) ríthábhachtach chun go mbeidh sé níos éasca, níos tapa, agus níos saoire do dhaoine aonair agus gnólachtaí oibriú sa mhargadh aonair. Is amhlaidh atá an cás i ndáil leis an soláthar poiblí, an cánachas, an clárúchán, agus oibleagáidí riaracháin eile.

2. **Cúlra**

2.1. Ó thús an 30 bliain arb ann do mhargadh aonair na hEorpa, tá méadú tagtha ar ról na digiteála sa gheilleagar agus sa tsochaí. Tá ról lárnach ag teicneolaíochtaí digiteacha amhail gairis mhóibíleacha, an ríomhthráchtáil, agus an néalríomhaireacht i saol laethúil shaoránaigh agus ghnólachtaí na hEorpa. A bhuí leis na teicneolaíochtaí sin freisin, tá saorghluaiseacht earraí, seirbhísí, daoine, agus caipitil éascaithe – agus gineadh an cúigiú ceann de shaoirsí an mhargaidh aonair, mar atá saorghluaiseacht na sonraí – agus, i ndeireadh na dála, cuireann an méid sin geilleagar iomaíoch agus caighdeán maireachtála níos airde chun cinn.

2.2. Tá ról gníomhach glactha ag an Aontas i réimse na digiteála tríd an gcreat rialála agus caighdeáin a fhorbairt, trí infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar digiteach, agus trí bhorradh a chur faoi scileanna digiteacha agus faoin nuálaíocht dhigiteach. D'éirigh go maith leis na hinfheistíochtaí sin, rud is léir ón bhfeabhas atá tagtha ar an nascacht, ó na táirgí agus seirbhísí nuálacha atá tagtha chun cinn, agus ón neartú atá déanta ar an bhfás eacnamaíoch. Mar sin féin, níl an margadh aonair foirfe ná baol air.

2.3. I bhfianaise an ghá atá le feidhmiú agus comhtháthú an mhargaidh aonair a fhorbairt a thuilleadh, scrúdaítear sa tuairim féintionscnaimh seo ról na digiteála agus an méid a d'fhéadfaí a dhéanamh léi i dtaca le saoirsí an mhargaidh aonair a chur chun tairbhe. Tá ceangal idir an tuairim seo agus roinnt tuairimí eile a d'eisigh CESE roimhe seo maidir leis an digiteáil agus an margadh aonair ([1]).

3. **An margadh aonair a dhoimhniú trí bhíthin na digiteála**

3.1. *Saorghluaiseacht na n-earraí*

3.1.1. Tá ról lárnach ag an digiteáil *san iompar agus sa lóistíocht* maidir le saorghluaiseacht earraí a fheabhsú. Is éard atá i gceist leis sin digiteáil a dhéanamh ar an gcóras iompair fhisiciúil, lena n-áirítear feithiclí, bonneagar, agus bainistiú tráchta. Os a choinne sin, baineann sé le digiteáil a dhéanamh ar an bhfaisnéis faoin lastas, rud a dhéanann cuíchóiriú ar an bpróiseas agus a laghdaíonn ualach riaracháin na trádála trasteorann san Aontas. Sa réimse sin, ba cheart do na Ballstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí úsáid na ndoiciméad leictreonach a bhaineann leis an iompar a éascú.

3.1.2. Cothaíonn an fhorbairt dhigiteach dálaí atá fabhrach don idirmhódúlacht agus cuireann sí le héifeachtúlacht, táirgiúlacht, agus sábháilteacht an iompair lastais agus na lóistíochta. Dá bhrí sin, tá gá le hinfheistíocht chuí sa bhonneagar traidisiúnta agus san ardbhonneagar digiteach araon, chun tacú le bonneagar iompair a sheasfaidh an aimsir agus chun gluaiseacht rianúil trasteorann na n-earraí a áirithiú laistigh den Aontas agus lasmuigh de araon. Lena chois sin, i bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar an leictriú agus ar úsáid na hidrigine san iompar, tá an bonneagar digiteach, bonneagar an fhuinnimh, agus bonneagar an iompair níos idirnasctha ná riamh.

3.1.3. '*Pasanna táirgí digiteacha*' a thabhairt isteach, is sampla amháin é sin den chaoi ar féidir leis an digiteáil cur le saorghluaiseacht na n-earraí sa mhargadh aonair, mar chuirfeadh sé sin ar chumas na dtomhaltóirí, na ngnólachtaí, agus na n-údarás rochtain a fháil ar réimse leathan faisnéis dhigiteach faoi shaintréithe na dtáirgí, rud a chuirfeadh leis an muinín atá ag an bpobal as an margadh ([2]). D'ainneoin sin, tá sé tábhachtach tacaíocht a thabhairt do na micrifhiontair agus na fiontair

([1]) IO C 228, 29.6.2023, lch. 22; IO C 194, 12.5.2022, lch. 87; IO C 443, 22.11.2022, lch. 51; IO C 228, 29.6.2023, lch. 17; IO C 311, 18.9.2020, lch. 19.

([2]) An tiosncnamh ón gCoimisiún (COM(2022) 142 final) maidir leis na ceanglais éicidhearthóireachta a athnuachan.

bheaga agus mheánmhéide (MFBManna), trí fheabhas a chur ar a gcuid scileanna digiteacha agus ar an eolas atá acu ar an tionchar comhshaoil. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na MFBManna siúd a bhíonn ag feidhmiú mar chuid de shlabhra soláthair. Ina theannta sin, ní mór a áirithiú, mar chuid de ghlacadh pasanna dá leithéid sin, go gcosnófar na rúin cheirde agus na cearta maoine intleachtúla.

3.2. *Saorghluaiseacht na seirbhísí*

3.2.1. Tá dul chun cinn suntasach déanta i dtaca le saorghluaiseacht na seirbhísí laistigh den mhargadh aonair le 30 bliain anuas, cé gur ann do dhúshláin i gcónaí. Chuir an Treoir Eorpach um Sheirbhísí go mór le comhtháthú mhargadh seirbhísí an Aontais. Mar sin féin, tá ceanglais bhreise náisiúnta ann go fóill, amhail córais chasta cheadúnúcháin a chuireann bac ar shaorghluaiseacht na seirbhísí i margadh aonair an Aontais. Creideann CESE gur féidir an digiteáil a úsáid chun dul i ngleic le cuid de na dúshláin sin, mar shampla trí sholáthar na ríomhsheirbhísí a éascú.

3.2.2. Cuireann *ardáin dhigiteacha* ar chumas na ngnólachtaí réimse leathan seirbhísí a sholáthar sa mhargadh aonair agus, leis sin, déanann siad teacht ar na seirbhísí céanna sin a éascú do na saoránaigh. Cé go bhfuil obair déanta ag an Aontas chun tacú le geilleagar na n-ardán san Eoraip, ba cheart an creat rialála a chur chun feidhme mar is cóir, ba cheart faireachán a dhéanamh air mar is cóir, agus ba cheart athbhreithniú rialta a dhéanamh air lena áirithiú go gcoinníonn sé cos leis an timpeallacht dhigiteach atá ag forbairt i gcónaí agus nach gcruthófar bacainní gan chúis ar an iontráil sa mhargadh ná ar an nuálaíocht ann.

3.2.3. Tá na samhlacha gnó á n-athrú ó bhonn de thoradh *na ríomhthrádhtála*, rud a chuireann deiseanna suntasacha ar fáil do ghnólachtaí teagmháil níos éasca a dhéanamh le custaiméirí i mBallstáit eile. Dá réir sin, cuireann an tsiopadóireacht ar líne níos mó roghanna agus rochtain níos fearr ar earraí agus ar sheirbhísí ar fáil do na tomhaltóirí. D'fhéadfaí feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh aonair ach beart a dhéanamh chun na bacainní atá ar an ríomhthráchtáil a shárú, cuir i gcás rialacha an Aontais maidir leis an ngeobhlocáil ([3]) a fhorfheidhmiú. Tá sé tábhachtach freisin a áirithiú gur neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de atá na rialacha maidir leis na bealaí díolacháin. Lena chois sin, tá gá le cosaint tomhaltóra leordhóthanach ionas gur féidir dul i ngleic le cleachtais mhíthreoracha agus mheabhlacha in earnáil na ríomhthráchtála.

3.2.4. Iarracht amháin ar chuid de na bacainní atá ar shaorghluaiseacht na seirbhísí a shárú ab ea an togra ón gCoimisiún le haghaidh *ríomhchárta seirbhísí* ([4]) arbh é an aidhm a bhí leis cabhrú le soláthraithe seirbhíse oibriú thar theorainneacha. Chuirfeadh an cárta ar chumas soláthraithe seirbhíse nós imeachta ar leibhéal an Aontais a bheadh go hiomlán leictreonach a úsáid chun foirmiúlachtaí a chur i gcrích agus seirbhísí á dtairiscint acu i mBallstát eile, rud a d'fhágfadh gur lú an t-ualach riaracháin a bheadh orthu agus gur mhó an deimhneacht dhlíthiúil a bheadh acu. Iarrann CESE an mhír sin a chur ar ais ar an gclár oibre, ós rud é gur sampla praiticiúil í den chaoi ar féidir an digiteáil a úsáid chun a thuilleadh feabhais a chur ar shaorghluaiseacht na seirbhísí sa mhargadh aonair.

3.3. *Saorghluaiseacht na ndaoine*

3.3.1. *Deimhniú Digiteach COVID an Aontais* a cruthaíodh le déanaí, sampla atá ann den chaoi ar féidir an digiteáil a úsáid chun tacú le saorghluaiseacht na ndaoine, i gcásanna eisceachtúla, fiú, lena n-áirítear in aimsir paindéime domhanda.

3.3.2. Modh ríthábhachtach chun saorghluaiseacht na ndaoine a éascú is ea córais sainaitheantais dhigiteacha atá caighdeánaithe agus slán, amhail ríomhchártaí aitheantais. A bhuí leis an teicneolaíocht sin, is féidir na próisis físrúcháin sna Ballstáit a shimpliú agus is lú an gá atá le doiciméid a sheiceáil de láimh agus le doiciméid pháipéir. I ndáil leis sin, is céim dhearfach chun cinn an togra a thíolaic an Coimisiún le déanaí maidir leis an *gCreat um Chéannacht Dhigiteach Eorpach* ([5]), togra lena gcuirtear modh slán sainaitheantais dhigitigh ar fáil do shaoránaigh, cónaitheoirí, agus gnólachtaí an Aontais, modh is féidir a úsáid le haghaidh seirbhísí agus ardáin éagsúla ar líne laistigh den mhargadh aonair.

3.3.3. Má dhéantar *a thuilleadh digiteála i réimse na slándála sóisialta agus na soghluaisteachta saothair*, is féidir breisluach a chur leis an margadh aonair agus le saorghluaiseacht na ndaoine. Is gá cur leis na gníomhaíochtaí ar an leibhéal Eorpach agus náisiúnta araon chun nósanna imeachta a shimpliú a thuilleadh, chun bacainní riaracháin a laghdú, agus chun bogadh i dtreo córas slándála sóisialta ([6]) atá níos idir-inoibritheach, níos idirnasctha, agus níos uathoibrithe, córas lenar féidir ranníocaíochtaí a bhailiú agus na sochair a dháileadh níos tapa agus mar is ceart. Tá tionscnaimh a bhfuil gealladh fúthu agus a d'fhéadfadh borradh a chur faoi shoghluaisteacht an lucht saothair á bhforbairt i ndáil leis sin.

([3]) IO C 34, 2.2.2017, lch 93.
([4]) COM(2016) 824 final.
([5]) COM(2021) 281 final.
([6]) Féach príomhthorthaí na comhdhála maidir le comhordú na slándála sóisialta a dhigitiú (an Pas Eorpach Slándála Sóisialta) agus 'Cartaí Saothair', comhdháil a reáchtáladh i mí an Mhárta 2023.

3.3.4. Tionscnaimh nua de chuid an Choimisiúin is ea *an Pas Eorpach Slándála Sóisialta* (ESSPASS), rud arb uirlis dhigiteach do na saoránaigh é, lenar féidir leo an cumhdach agus na teidlíochtaí atá acu a chruthú agus iad i dtír eile de chuid an Aontais. Tionscadal spéisiúil eile *í an tSeirbhís Rianaithe Eorpach um Pinsin*, arb é is aidhm dó córas faisnéise ar líne a bhunú i dtaca le pinsin daoine aonair i dtíortha an Aontais, d'fhonn cuidiú le hoibrithe teacht ar a gcuid soláthraithe pinsin.

3.3.5. Is féidir cártaí aitheantais saothair digiteacha a úsáid chun a áirithiú go bhfuil ceanglais shóisialta nó ceanglais eile comhlíonta ag fostóir an oibrí nó ag an oibrí féin. Na cártaí sin, leithéidí *an Chárta Eorpaigh Ghairmiúil*, éascaíonn siad soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas Eorpach. Cé go bhféachtar ar na cártaí saothair mar fhreagracht náisiúnta, ar an iomlán, is féidir ról a bheith ag an Aontas i dtaca le hidirnascacht a chruthú idir na cártaí agus i dtaca leis na cleachtais is fearr sa réimse sin a roinnt.

3.4. *Saorghluaiseacht an chaipitil*

3.4.1. Tá ról lárnach ag an digiteáil i dtaca le saorghluaiseacht an chaipitil a chur chun cinn sa mhargadh aonair agus is féidir gníomhaíochtaí trasteorann na seirbhísí airgeadais san Aontas a neartú léi, cuir i gcás ó thaobh seirbhísí airgeadais miondíola agus árachais de. Le saoráidí próiseála íocaíochtaí digiteáilte, éascaítear saorghluaiseacht na n-earraí agus na seirbhísí sa mhargadh aonair trí idirbhearta níos tapa a dhéanamh a bhfuil costais níos ísle leo do na tomhaltóirí agus do na gnólachtaí. A bhuí leis an digiteáil, simplítear comhshó an airgeadra agus is féidir idirbhearta íocaíochta slána a dhéanamh, rud a chuireann le muinín ghinearálta an phobail as an trádáil trasteorann. De bhreis air sin, na hardáin ar líne a dhíríonn ar an infheistíocht, an sluachistiú, agus an trádáil, éascaíonn siad saorghluaiseacht an chaipitil.

3.4.2. Chun borradh a chur faoi na *feidhmchláir teicneolaíochta airgeadais* sin, ba cheart don Aontas leanúint de chomhchuibhiú na rialacha maidir le seirbhísí airgeadais digiteacha, toisc gurb éasca oibriú thar theorainneacha agus creataí rialála comhchuibhithe i bhfeidhm. Ba cheart don Aontas tacú freisin le forbairt réitigh dhigiteacha na teicneolaíochta airgeadais tríd an nuálaíocht a chistiú. Ina theannta sin, má dhéantar infheistíocht i gcosaint na sonraí agus sa chibearshlándáil, cuirfear leis an muinín atá ag an bpobal as na seirbhísí teicneolaíochta airgeadais agus as na hidirbhearta digiteacha trasteorann.

3.5. *Saorghluaiseacht na sonraí*

3.5.1. Is i gcroílár na n-iarrachtaí go léir ar son na digiteála sa mhargadh aonair atá na sonraí, agus is réamhriachtanas í an tsaorghluaiseacht sonraí má táthar chun saoirsí eile an mhargaidh aonair a fheabhsú trí bhíthin na digiteála. Tá gá freisin le margadh aonair dea-fheidhmiúil sonraí chun *athléimneacht, ceannasacht, agus iomaíochas an Aontais* a neartú i gcomhthéacs domhanda na digiteála. Treochlár atá sa Straitéis Eorpach maidir le Sonraí, ceann lenar féidir margadh sonraí láidir a thógáil san Eoraip. A bhuí le comhroinnt agus malartú na sonraí, éascaítear an comhar trasteorann idir na gnólachtaí, mar aon le forbairt na gcaighdeán comhchoiteann agus cur chun cinn na hidir-inoibritheachta. I ndeireadh na dála, dá thoradh sin uile, leathnófar an margadh aonair i saol na ndaoine agus na ngnólachtaí agus cuirfear leis an ngníomhaíocht trasteorann agus leis an gcomhtháthú eacnamaíoch.

3.5.2. An toradh a bhíonn ar úsáid níos fearr a bhaint as sonraí ná nuálaíochtaí, táirgí nua, seirbhísí nua, agus samhlacha gnó nua as a n-eascraíonn rogha níos leithne do na custaiméirí, mar aon le fás agus iomaíochas níos mó sa mhargadh aonair. Ní mór don Aontas leanúint dá chuid oibre chun rochtain ar shonraí agus comhroinnt sonraí a éascú trí bhíthin na *Spásanna Eorpacha Sonraí*. Spás Eorpach na Sonraí Sláinte, cuir i gcás, is tionscnamh é a bhfuil gealladh faoi arb é is aidhm dó malartú agus úsáid trasteorann na sonraí sláinte a chinntiú. Is fearr an rochtain ar shonraí freisin, a bhuí le tionscnaimh rialála, leithéidí an Ghnímh um Shonraí agus an Ghnímh um Rialachas Sonraí.

3.5.3. Tá sé tábhachtach rialacha comhchuibhithe a áirithiú maidir le *cosaint na sonraí*, má táthar chun muinín a chothú sa phobal agus sreafaí sonraí laistigh den mhargadh aonair a dhaingniú. Ós rud é gur mó duine anois a chuireann a chuid sonraí i lámha na néalseirbhísí, is mó aird is gá a thabhairt ar phrionsabail an phríobháideachais agus na slándála sonraí. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a athbhreithniú go luath chun dul i ngleic leis na deacrachtaí a bhaineann le cur chun feidhme an rialacháin agus chun na rialacha is infheidhme a shimpliú, go háirithe maidir le MFBManna.

3.5.4. Tá ról ríthábhachtach ag *an gcibearshlándáil* freisin i dtaca le muinín na ndaoine a chothú as na teicneolaíochtaí digiteacha a chuireann feabhas ar gheilleagar na sonraí i margadh aonair an Aontais. Le Straitéis Chibearshlándála an Aontais, bunaítear creat comhsheasmhach chun an chibearshlándáil a neartú sna Ballstáit.

3.5.5. D'fhonn an digiteáil a chur chun tairbhe is fearr is féidir don mhargadh aonair, ba cheart rochtain a bheith ag an bpobal i ngach aon réigiún, lena n-áirítear ceantair thuaithe agus iargúlta, ar *bhonneagar digiteach* amhail líonraí leathanbhanda agus, sa deireadh, líonraí 5G agus 6G. Tá gá le tuilleadh infheistíochtaí i lárionaid sonraí agus sa bhonneagar néalríomhaireachta freisin chun tacú le haistriú, próiseáil, agus stóráil na sonraí sa mhargadh aonair.

3.6. *Cumasóirí agus réamhchoinníollacha na digiteála*

3.6.1. Má táthar chun digiteáil an mhargaidh aonair a fheabhsú a thuilleadh, ní mór a áirithiú gur ann do phríomhthosca cumasúcháin an chlaochlaithe dhigitigh agus go bhfuil siad ag cruthú go maith. Chuige sin, is gá an infheistíocht *sa taighde agus sa nuálaíocht* a mhéadú, agus éiceachórais na nuálaíochta a chur chun cinn. Cé go bhfuil sé tábhachtach feabhas a chur ar an intleacht shaorga, ar theicneolaíochtaí candamacha, agus ar ardteicneolaíochtaí eile, ní mór a aithint freisin go mbíonn dúshláin mhóra roimh roinnt mhaith MFBManna, fiú agus teicneolaíochtaí digiteacha bunúsacha á nglacadh acu. Na Moil Eorpacha maidir leis an Nuálaíocht Dhigiteach, is ardáin luachmhara iad freisin i dtaca le páirt a thabhairt do MFBManna i bhforbairt agus i nglacadh na réiteach digiteach agus ba cheart raon feidhme na mol sin a leathnú chuig pobal níos leithne fós.

3.6.2. Gné ríthábhachtach eile den phróiseas chun an digiteáil a éascú is ea *scileanna agus inniúlachtaí* a fhorbairt, idir na bunscileanna agus na scileanna ardleibhéil, scileanna a bhfuil gá leo chun críocha an tsaoil oibre agus shaol laethúil na saoránach araon. Thairis sin, má bhunaítear creat Eorpach le haghaidh deimhniúchán scileanna digiteacha, is é sin aitheantas caighdeánaithe ar inniúlachtaí digiteacha, cuideofar le daoine aonair na scileanna agus na cáilíochtaí atá acu a chur in iúl ar fud an Aontais agus, ar an gcaoi sin, éascófar dóibh obair a dhéanamh i mBallstát eile.

3.6.3. Ós rud é go bhfuil méid suntasach infheistíochta ag teastáil le haghaidh an chlaochlaithe dhigitigh, ní mór a áirithiú go bhfuil ag éirí go maith leis na margaí airgeadais agus go bhfuil an *cistiúchán* poiblí á leithdháileadh go cuí. Thairis sin, ní mór don Aontas *creat rialála a bhfuil tacaíocht ar fáil uaidh* a chur ar fáil atá feiliúnach don fheidhm atá leis, a chothaíonn nuálaíocht agus infheistíocht, a choinníonn an t-ualach riaracháin chomh híseal agus is féidir, agus a áirithíonn go bhfuil an chothroime iomaíochta i réim sa mhargadh aonair, lena n-áirítear na rialacha comhchoiteanna a bheith á bhforfheidhmiú go cuí ag na Ballstáit.

3.6.4. Caithfidh an claochlú digiteach a bheith *inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair, na sochaí, agus an chomhshaoil de* freisin. Cé is moite den éifeachtúlacht eacnamaíoch agus an táirgiúlacht a mhéadú, is bealach ríthábhachtach an digiteáil chun an t-aistriú glas a chur chun cinn, ar choinníoll go ndéantar bainistiú maith ar na gnéithe aeráide agus comhshaoil de na córais dhigiteacha, lena n-áirítear úsáid an fhuinnimh agus na n-ábhar. Tá sé tábhachtach freisin aghaidh a thabhairt ar na bearnaí digiteacha i dtaca leis an rochtain ar bhonneagar agus ar scileanna, agus a chur ar chumas gach duine den tsochaí páirt iomlán a ghlacadh san fhorbairt dhigiteach.

3.7. *An ríomhrialachas*

3.7.1. Sa tuairim seo, is mian le CESE a chur in iúl, go háirithe, a thábhachtaí atá sé digiteáil a dhéanamh ar an rialachas poiblí (ríomhrialachas), má táthar chun margadh aonair níos éifeachtúla, níos inrochtana, agus níos trédhearcaí a chur ar fáil. Trí bhíthin na digiteála, is féidir próisis riaracháin a chuíchóiriú ionas go mbeidh sé níos éasca, níos tapa, agus níos saoire do dhaoine aonair agus do ghnólachtaí oibriú sa mhargadh aonair. Ba cheart don Aontas comhchuibhiú na seirbhísí digiteacha poiblí a chur chun cinn a thuilleadh ar fud na mBallstát, lena n-áirítear caighdeáin chomhchoiteanna, prótacail chomhchoiteanna, agus creataí comhchoiteanna le haghaidh ríomhsheirbhísí rialtais, amhail clárú na gcuideachtaí, comhdú na cánach, agus an soláthar poiblí. De bhreis air sin, tá CESE ag iarraidh ar na Ballstáit an dea-chleachtas i dtaca leis an ríomhrialachas a roinnt lena chéile.

3.7.2. Tá ról tábhachtach ag an soláthar poiblí i gcomhtháthú mhargadh inmheánach earraí agus seirbhísí an Aontais. A bhuí le digiteáil an tsoláthair phoiblí, is féidir rannpháirtíocht trasteorann sa phróiseas tairisceana a chur chun cinn. Tá digiteáil déanta ag an Aontas ar na próisis soláthair phoiblí, mar shampla trí úsáid a bhaint as ardáin ríomhsholáthair agus tríd an ardán e-Certis a bhunú, ardán a chuidíonn le gnólachtaí teacht ar na teastais éagsúla a iarrtar orthu mar chuid de nósanna imeachta soláthair ar fud an Aontais. Lena chois sin, le teacht Spás Eorpach Shonraí an tSoláthair Phoiblí, tá sé beartaithe saorghluaiseacht na n-earraí agus na seirbhísí a éascú a thuilleadh trí úsáid fheabhsaithe a bhaint as sonraí an tsoláthair phoiblí ar fud an Aontais. Measann CESE gur sampla den scoth é Spás Eorpach Shonraí an tSoláthair Phoiblí den mhéid a d'fhéadfaí a dhéanamh leis an digiteáil agus molann sé go ndéanfaí a thuilleadh forbartha air.

3.7.3. Creideann CESE go rachaidh sé chun tairbhe do ríomhrialachas na hEorpa nuair a dhéanfar *Creat um Chéannacht Dhigiteach Eorpach* lánfhorbartha a thabhairt isteach lena gcuirfear céannacht dhigiteach shlán agus aitheanta ar fáil do na daoine aonair agus do na gnólachtaí laistigh den mhargadh aonair.

3.7.4. Is ardán láraithe ar líne an *Tairseach Aonair Dhigiteach* a chuireann rochtain sho-úsáidte ar fáil ar sheirbhísí digiteacha éagsúla agus ar fhaisnéis faoin saol laethúil, faoi shaol na hoibre, agus faoi chúrsaí gnó san Aontas. Creideann CESE gur cheart uirlis an Tairsigh a fhorbairt go leanúnach, mar shampla, tríd an gcomhar le heagraíochtaí na sochaí sibhialta a neartú agus tríd an raon seirbhísí atá ar fáil tríd an Tairseach a leathnú.

3.7.5. Is féidir go rachaidh digiteáil na gcóras cánach go mór chun tairbhe don mhargadh aonair freisin. Dá bhrí sin, ba cheart córas cánach breisluacha (CBL) a bheith ina phríomhthoradh ar an togra a thíolaic an Coimisiún Eorpach le déanaí maidir le *Rialacha CBL don Ré Dhigiteach*, córas a chuirfí i bhfeiliúint ní b'fhearr don mhéid atá ag titim amach faoi láthair sa gheilleagar digiteach agus a chuirfeadh feabhas ar fheidhmiú an mhargaidh aonair. Mar sin féin, tá imní ann freisin faoin tionchar a d'fhéadfadh an togra a imirt ar an margadh aonair, toisc go gcuireann sé ceanglais tuairiscithe bhreise ar chuideachtaí ([7]).

3.7.6. Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit leanúint de *shonraí neamhíogaire na hearnála poiblí a chur ar fáil* sa dóigh is go mbeadh gnólachtaí, saoránaigh, agus lucht na hacadúlachta in ann athúsáid a bhaint astu toisc gur féidir go gcuideodh sé sin le ceapadh na nuálaíochtaí agus na ndeiseanna gnó nua i margadh aonair an Aontais.

3.7.7. Má táthar chun digiteáil an rialachais phoiblí a chur chun lántairbhe, beidh gá le hinfheistíocht a dhéanamh i *scileanna digiteacha agus litearthacht an riaracháin phoiblí*, lena n-áirítear sa chibearshlándáil agus sa bhainistíocht sonraí.

An Bhruiséil, an 25 Deireadh Fómhair 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE

([7]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL don ré dhigiteach [COM(2022) 701 final – 2022/0407 (CNS)] agus Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 a mhéid a bhaineann leis na socruithe comhair riaracháin CBL is gá don ré dhigiteach (COM(2022) 703 final – 2022/0409 (CNS)) IO C 228, 29.6.2023, lch. 149.